



Uimhir 41 de 2009

**AN tACHT UM BEARTA AIRGEADAIS ÉIGEANDÁLA AR
MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL (UIMH. 2) 2009**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Laghdú ar luach saothair seirbhíseach poiblí.
3. Cearta áirithe pinsin nach ndéantar difear dóibh.
4. Forálacha iomchuí a leasú tuilleadh, etc.
5. Gan aon chumhacht a bheith ann chun luach saothair os cionn an ráta a chinnfear de réir *alt 2* a íoc, etc.
6. Díolúine, etc., ó oibriú *alt 2* nó *6* in imthosca áirithe.
7. Athbhreithniú ar an Acht.
8. Rialacháin.
9. Deireadh a chur le hamhrais.
10. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

AN SCEIDEAL

COMHLACHTAÍ NACH MBAINNEANN AN MÍNIÚ AR “COMHLACHT SEIRBHÍSE
POIBLÍ” LEO

[Uimh. 41.] *An tAcht um Bearta Airgeadais* [2009.]
Éigeandála ar Mhaithe le Leas an
Phobail (Uimh. 2) 2009.
 NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Achtanna na gCuideachtaí

An tAcht Cosanta 1954	1954, Uimh. 18
An tAcht Cosanta (Leasú) 2007	2007, Uimh. 24
An tAcht um Parlaimint na hEorpa (Comhaltaí Thoghcheantair na hÉireann) 2009	2009, Uimh. 17
An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009	2009, Uimh. 5
An tAcht Cuanta 1946	1946, Uimh. 9
An tAcht Cuanta 1996	1996, Uimh. 11
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 33
An tAcht um Oifigí Aireachta agus Párliminte 1938	1938, Uimh. 38
An tAcht um Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha agus um Chomhaltaí den Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2001	2001, Uimh. 33
An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú) 1973	1973, Uimh. 22
An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú) 1977	1977, Uimh. 29
An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú) 1983	1983, Uimh. 32
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39
An tAcht Oideachais Ghairme Beatha 1930	1930, Uimh. 29



Uimhir 41 de 2009

**AN tACHT UM BEARTA AIRGEADAIS ÉIGEANDÁLA AR
MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL (UIMH. 2) 2009**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ, AR MHAITHE LE LEAS AN
PHOBAIL, MAIDIR LE LUACH SAOTHAIR DAOINE
ÁIRITHE SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ (LENA nÁIRÍTEAR
COMHALTAÍ DE THITHE AN OIREACHTAIS AGUS
SEALBHÓIRÍ OIFIGE ÁIRITHE) A LAGHDÚ, AGUS DO
DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.
[20 Nollaig, 2009]

DE BHRÍ gur tharla suaitheadh tromchúiseach sa gheilleagar agus
gur tháinig meath ar imthosca eacnamaíochta an Stáit, ar nithe iad
nach bhfuil deireadh leo fós agus a chuireann leas an phobail i mbaol;

AGUS DE BHRÍ dá dheasca sin gur tháinig meathlú
tromchúiseach ar ioncam an Stáit agus go bhfuil gealltanais
shuntasacha agus mhéadaitheacha ar an Stát;

AGUS DE BHRÍ gur gá bearta práinneacha a dhéanamh chun an
t-easnamh suntasach idir caiteachas agus ioncam a laghdú agus chun
leibhéil neamh-inmharthana na n-iasachtaí poiblí de dheasca an
mheathlaithe ar an ioncam sin a laghdú;

AGUS DE BHRÍ gur gá caiteachas an Stáit a laghdú chun muinín
idirnáisiúnta a chothabháil agus chun rátálacha creidmheasa an Stáit
a chosaint;

AGUS DE BHRÍ gur gá bearta práinneacha a dhéanamh chun
cuidiú le hiomaíochas an Stáit a thabhairt i réim an athuair;

AGUS DE BHRÍ gur gá don Stát coigilteas suntasach a bhaint
amach ina chaiteachas, go díreach agus go neamhdhíreach, ar luach
saothair—

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN
MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “Státseirbhís” Státseirbhís an Rialtais agus Státseirbhís
an Stáit;

ciallaíonn “Aire” an tAire Airgeadais;

[Uimh. 41.] *An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009.* [2009.]

ciallaíonn “seirbhíseach poiblí”—

- (a) duine atá fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí, nó a shealbhaíonn aon oifig nó post eile i gcomhlacht seirbhíse poiblí,
- (b) comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó comhalta d’údarás áitiúil (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 2001),
- (c) comhalta de Pharlaimint na hEorpa le haghaidh toghcheantair sa Stát, is comhalta atá ag fáil an tuarastail a shonraítear in alt 2(2) den Acht um Parlaimint na hEorpa (Comhaltaí Thoghcheantair na hÉireann) 2009, nó
- (d) sealbhóir oifige cáilithí,

ach ní fholaíonn sé an tUachtarán, comhalta den bhreithiúnacht ná breitheamh míleata arna cheapadh nó arna ceapadh faoi Chaibidil IVC de Chuid V den Acht Cosanta 1954 (arna leasú leis an Acht Cosanta (Leasú) 2007);

ciallaíonn “comhlacht seirbhíse poiblí”—

- (a) an Státseirbhís,
- (b) an Garda Síochána,
- (c) na Buan-Óglaigh,
- (d) údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil 2001,
- (e) Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
- (f) coiste gairmoideachais arna bhunú faoi alt 7 den Acht Oideachais Ghairme Beatha 1930,
- (g) comhlacht (seachas comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa Sceideal) arna bhunú—
 - (i) le hachtachán nó faoi achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí), nó
 - (ii) faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi achtachán eile, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach trí airgead arna sholáthar, nó trí iasachtaí arna ndéanamh nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas nó trí eisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas,

agus arb ann do scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a fhéadfar scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith,

- (h) comhlacht (seachas comhlacht a shonraítear nó dá dtagraítear sa Sceideal) atá á mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach agus go díreach nó go neamhdhíreach as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas nó as an

bPríomh-Chiste nó toradh fáis an Chiste sin agus arb ann do scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a fhéadfar scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith,

- (i) aon fhochuideachta do chomhlacht, nó aon chuideachta atá faoi rialú (de réir na brí a thugtar le halt 10 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997) ag comhlacht, lena mbaineann *mír (d), (e), (f), (g) nó (h)* agus arb ann do scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a bhfuil feidhm ag scéim pinsean seirbhíse poiblí ina leith nó a fhéadfar scéim pinsean seirbhíse poiblí a dhéanamh ina leith;

tá le “scéim pinsean seirbhíse poiblí” an bhrí chéanna atá leis san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009;

tá le “oifig cháilitheach” an bhrí chéanna atá leis in alt 13 (a cuireadh isteach leis an Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú) 1977) den Acht um Oifigí Aireachta agus Párliminte 1938, is é sin le rá—

- (a) oifig aireachta de réir bhrí an ailt sin (arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú) 1973), nó
- (b) oifig rúnaíochta de réir bhrí an ailt sin (arna leasú leis an Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha (Leasú) 1983 agus leis an Acht um Oifigí Aireachta, Parlaiminte agus Breithiúnacha agus um Chomhaltaí den Oireachtas (Forálacha Ilghnéitheacha) 2001);

ciallaíonn “foráil iomchuí”—

- (a) foráil d’aon Acht seachas an tAcht seo,
- (b) foráil arna déanamh faoi aon Acht, lena n-áirítear aon ionstraim, aon chiorclán nó aon doiciméad eile,
- (c) foráil d’aon reacht, nó d’aon doiciméad eile a bhfuil an éifeacht chéanna leis, de chuid ollscoile nó forais eile tríú leibhéal, nó foráil arna déanamh faoin gcéanna,
- (d) foráil d’aon chiorclán, d’aon ionstraim nó d’aon doiciméad eile, nach ndéantar de bhun achtacháin, agus
- (e) foráil d’aon chomhaontú nó d’aon socrú conarthach, cibé acu atá sé i scríbhinn nó nach bhfuil;

ciallaíonn “luach saothair” díolaíochtaí a bhfuil feidhm ag Caibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, nó a gcuirtear í chun feidhme, maidir leo, agus is infíochta ag comhlacht seirbhíse poiblí nó thar a cheann le seirbhíseach poiblí as a sheirbhísí nó a seirbhísí mar sheirbhíseach poiblí;

ciallaíonn “fochuideachta” fochuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí.

[Uimh. 41.] *An tAcht um Bearta Airgeadais* [2009.]
Éigeandála ar Mhaithe le Leas an
Phobail (Uimh. 2) 2009.

Laghdú ar luach
saothair
seirbhíseach poiblí.

2.—(1) Aon fhoráil iomchuí lena socraítear luach saothair, nó aon chuid de luach saothair, seirbhísigh phoiblí, measfar í a bheith leasaithe, le héifeacht ar an agus ón 1 Eanáir 2010, de réir an ailt seo.

(2) I gcás ina socraítear luach saothair seirbhísigh phoiblí le foráil iomchuí, ansin, faoi réir *fho-ailt* (3) agus (4), measfar an fhoráil iomchuí a bheith leasaithe ionas go ndéanfar—

(a) i gcás daoine lena mbaineann Tábla 1 a ghabhann leis an alt seo, an luach saothair a laghdú de réir an Tábla sin, agus

(b) in aon chás eile, faoi réir *fho-alt* (7), an luach saothair a laghdú de réir Thábla 2 nó Thábla 3 (de réir mar is gá sa chás) a ghabhann leis an alt seo.

(3) I gcás ina ndéantar luach saothair seirbhísigh phoiblí, seachas duine lena mbaineann Tábla 1 a ghabhann leis an alt seo, a shocrú le foráil iomchuí agus ina bhfuil ar áireamh sa luach saothair sin liúntas tréimhsiúil socraithe nach aisíocaíocht ar aon chaiteachas arna thabhtú iarbhr, ansin measfar an fhoráil iomchuí lena socraítear gach liúntas den sórt sin a bheith leasaithe ionas go ndéanfar, faoi réir *fho-alt* (7), an liúntas a laghdú de réir Thábla 4 a ghabhann leis an alt seo.

(4) Faoi réir *fho-alt* (7), i gcás ina bhfuil seirbhíseach poiblí i dteideal, mar chuid dá luach saothair, go n-íoctar liúntas leis nó léi agus—

(a) nach aisíocaíocht ar aon chaiteachas arna thabhtú iarbhr an liúntas, agus

(b) go sloinntear an liúntas mar chéatadán sonraithe nó mar chion sonraithe de chuid eile de luach saothair (dá ngairtear “buntuarastal” san alt seo, lena n-áirítear na Táblaí) seirbhísigh phoiblí lena mbaineann an fhoráil iomchuí,

ansin is é buntuarastal an tseirbhísigh phoiblí, chun an méid is iníoctha mar an liúntas a ríomh, a bhuntuarastal nó a buntuarastal arna laghdú de réir *fho-alt* (2) agus Thábla 2 nó Thábla 3 (de réir mar is gá sa chás) a ghabhann leis an alt seo.

(5) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear d’aon liúntas nó íocaíocht is aisíocaíocht ar chaiteachas arna thabhtú iarbhr.

(6) Tá éifeacht leis an alt seo—

(a) d’ainneoin aon fhorála—

(i) le haon Acht eile nó faoi,

(ii) le haon reacht, nó le haon doiciméad eile a bhfuil an éifeacht chéanna leis, de chuid ollscoile nó forais eile tríú leibhéal, nó faoin gcéanna,

(iii) le haon chiorclán nó le haon ionstraim nó le haon doiciméad eile, nó faoin gcéanna,

(iv) le haon chomhaontú nó socrú conarthach i scríbhinn,
nó faoin gcéanna,

nó

(b) d’ainneoin aon chomhaontaithe, socraithe nó tuisceana ó
bhéal nó aon ionchais.

(7) Más rud é, i ndáil le feidhm *fho-ailt (1)* go (6) agus Thábla 2 a ghabhann leis an alt seo maidir le seirbhíseach poiblí, go mbeadh de thoradh air, mar gheall ar na rátaí éagsúla faoin gcéad dá bhforáiltear leis an Tábla sin, gurbh ísle a luach saothair bliantúil ná an luach saothair a bheadh aige nó aici dá mbeadh sé nó sí ar leibhéal luach saothair ab ísle, ansin ní lú a luach saothair bliantúil tar éis an laghdaithe ná an luach saothair ab airde a bheadh aige nó aici dá mbeadh a luach saothair bliantúil, roimh an laghdú sin, ar an leibhéal luach saothair ní b’íse. Chun críocha an fho-ailt seo, féadfaidh an tAire, le hordachán, modhnú a dhéanamh ar fheidhm an laghdaithe ar luach saothair seirbhísigh phoiblí lena mbaineann i cibé slí is cuí leis an Aire chun éagothromas substaintiúil de dhroim fheidhm *fho-alt (2)* agus an Tábla sin a sheachaint.

Tábla 1

Sealbhóirí oifigí áirithe agus seirbhísigh phoiblí eile

An oifig	An laghdú
An Taoiseach	20 faoin gcéad den luach saothair
An Tánaiste	15 faoin gcéad den luach saothair
Aire	15 faoin gcéad den luach saothair
Aire Stáit	10 faoin gcéad den luach saothair
An Ceann Comhairle	15 faoin gcéad den luach saothair
An Leas-Cheann Comhairle	10 faoin gcéad den luach saothair
An Cathaoirleach	7.9 faoin gcéad den luach saothair
An Leas-Chathaoirleach	7.4 faoin gcéad den luach saothair
Treoraí an tSeanaid	7.2 faoin gcéad den luach saothair
An tArd-Aighne	15 faoin gcéad den luach saothair
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste	15 faoin gcéad den luach saothair
Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh agus Ard-Rúnaí an Rialtais	20 faoin gcéad den luach saothair
An tArd-Rúnaí, an Roinn Airgeadais	20 faoin gcéad den luach saothair

Tábla 2

Seirbhísigh phoiblí ag a bhfuil rátaí buntuarastail os cionn €125,000

Méid bliantúlaithe an bhuntuarastail	An laghdú
Os cionn €125,000 ach faoi bhun €165,000	8 faoin gcéad den bhuntuarastal
€165,000 nó níos mó ach faoi bhun €200,000	12 faoin gcéad den bhuntuarastal
€200,000 nó níos mó	15 faoin gcéad den bhuntuarastal

Tábla 3

Seirbhísigh phoiblí ag a bhfuil rátaí buntuarastail nach mó ná
€125,000

Méid bliantúlaithe an bhuntuarastail	An laghdú ar an mbuntuarastal
Suas le €30,000	5 faoin gcéad
Aon mhéid is mó ná €30,000 ach nach mó ná €70,000	7.5 faoin gcéad
Aon mhéid is mó ná €70,000 ach nach mó ná €125,000	10 faoin gcéad

Tábla 4

Liúntais lena mbaineann *alt 2(3)*

Liúntais agus bunphá	An laghdú ar liúntais
Liúntais lena mbaineann <i>alt 2(3)</i> agus a íoctar mar chuid den luach saothair bliantúil le seirbhísigh phoiblí atá ag fáil buntuarastal bliantúlaithe nach mó ná €125,000	5 faoin gcéad
Liúntais lena mbaineann <i>alt 2(3)</i> agus a íoctar mar chuid den luach saothair bliantúil le seirbhísigh phoiblí atá ag fáil buntuarastal bliantúlaithe is mó ná €125,000	8 faoin gcéad

Cearta áirithe pinsin nach ndéantar difear dóibh.

3.—(1) Tá feidhm ag an alt seo—

- (a) maidir le duine a bhí ina sheirbhíseach poiblí nó ina seirbhíseach poiblí tráth éigin roimh an 31 Nollaig 2009 ach atá ag fáil pinsin nó a bhfuil sochar caomhnaithe aige nó aici i scéim pinsean seirbhíse poiblí an 1 Eanáir 2010, agus
- (b) maidir le duine a bhí ina sheirbhíseach poiblí nó ina seirbhíseach poiblí an 1 Eanáir 2010, ach a scoireann de bheith ina sheirbhíseach poiblí nó ina seirbhíseach poiblí—

(i) an 31 Nollaig 2010 nó roimhe, nó

(ii) ar dháta is déanaí ná sin a shonróidh an tAire le hordú de réir *fho-alt (3)*, nó roimhe.

(2) Maidir leis na leasuithe a mheasfar a bheith déanta le *halt 2*, tabharfar neamhaird orthu chun aon teideal pinsin (lena n-áirítear teideal chun cnapshuim a fháil agus teideal chun íocaíochtaí tréimhsiúla pinsin a fháil) atá ag duine lena mbaineann an t-alt seo a ríomh.

(3) D’fhoann ordú a dhéanamh de bhun *fho-alt (1)(b)(ii)*, déanfaidh an tAire cibé saincheisteanna dlí, aoisliúntais agus bainistithe pearsanra a dhéanann difear do chomhlachtaí seirbhíse poiblí a chur i gcuntas is dóigh leis nó léi is cuí, agus rachaidh sé nó sí i gcomhairle le haon duine nó comhlacht is dóigh leis nó léi is cuí.

[2009.] *An tAcht um Bearta Airgeadais* [Uimh. 41.]
Éigeandála ar Mhaithe le Leas an
Phobail (Uimh. 2) 2009.

4.—(1) Faoi réir *fo-alt* (2) agus *alt* 6, níl aon éifeacht le leasú airbheartaithe (seachas leasú le hAcht den Oireachtas) ar fhoráil iomchuí arna leasú le *halt* 2 a mbeadh d'éifeacht leis an luach saothair is infíoctha le seirbhíseach poiblí a mhéadú. Forálacha iomchuí a leasú tuilleadh, etc.

(2) Féadfar leasú a dhéanamh ar fhoráil iomchuí—

- (a) chun aon ordú cúirte nach bhfuil aon bhac ar marthain ina leith a chomhlíonadh,
- (b) chun aon chinneadh infhorfheidhmithe ón gCúirt Oibreachais nach bhfuil aon bhac ar marthain ina leith a chomhlíonadh, nó
- (c) i gcás gur deimhin leis an Aire go bhfuil teideal dlí ann i leith aon phoist arna shealbhú ag seirbhíseach poiblí nó ag grúpa nó aicme seirbhíseach poiblí chun ráta luach saothair is airde a fháil, agus go mbeidh an tAire tar éis an méid sin a dheimhniú i scríbhinn don chomhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann.

(3) Measfar bac a bheith ar gach ordú nó cinneadh lena mbaineann *fo-alt* (2)—

- (a) go dtí deireadh na tréimhse chun achomharc a dhéanamh, lena n-áirítear aon tréimhse fhadaíthe a bheidh ordaithe go cuí,
- (b) i gcás go dtionscnófar achomharc, go dtí go ndéanfar an t-achomharc sin a tharraingt siar, a chinneadh nó a dhiúscairt ar shlí eile,

mura rud é go measann an Ard-Chúirt, ar chúiseanna sonraithe, é a bheith cóir agus cothromasach a mhalairt a ordú ag féachaint d'imthosca eisceachtúla an cháis agus tar éis leas an phobail a chur i gcuntas.

5.—(1) I gcás go meastar foráil iomchuí a bheith leasaithe le *halt* 2— Gan aon chumhacht a bheith ann chun luach saothair os cionn an ráta a chinnfear de réir *alt* 2 a íoc, etc.

- (a) níl seirbhíseach poiblí a bhfuil a luach saothair le cinneadh de réir na forála iomchuí i dteideal luach saothair ina mbeidh méid is mó ná an méid a chinnfear amhlaidh a fháil, agus
- (b) níl aon duine nó comhlacht atá freagrach as luach saothair seirbhísigh phoiblí den sórt sin a íoc i dteideal luach saothair a íoc leis an seirbhíseach poiblí ina mbeidh méid is mó ná an méid a chinnfear amhlaidh.

(2) Má íocann comhlacht seirbhíse poiblí luach saothair le seirbhíseach poiblí de réir ráta is airde ná an ráta dá bhforáiltear leis an bhforáil iomchuí is cuí, mar a mheastar í a bheith leasaithe de réir *alt* 2, ansin—

- (a) beidh an ró-íocaíocht ar teachtadh ar iontaobhas ag an seirbhíseach poiblí don chomhlacht seirbhíse poiblí, agus
- (b) gnóthóidh an comhlacht seirbhíse poiblí méid na ró-íocaíochta ón seirbhíseach poiblí, go díreach nó trí

[Uimh. 41.] *An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009.* [2009.]

asbhaint a thógfar as luach saothair is infoctha ina dhiaidh sin leis an seirbhíseach poiblí sin nó ar shlí eile.

(3) Ní mheasfar go ndéantar, le *fo-alt* (2), teorainn a chur le dliteanas aon duine faoi reacht cuntas a thabhairt ar an ró-íocaíocht sin.

(4) I gcás nach mbeidh ró-íocaíocht méid lena mbaineann *fo-alt* (2) gnóthaithe ag an gcomhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann, féadfaidh an tAire a ordú i scríbhinn don chomhlacht sin an méid a ghnóthú de réir *fho-alt* (2)(b) faoi dháta sonraithe agus, i gcás go mainneoidh an comhlacht sin an méid a ghnóthú amhlaidh, féadfaidh an tAire an méid a asbhaint as aon deontas nó vóta de chuid an chomhlachta sin, nó as aon íocaíocht eile leis, as airgead arna sholáthar go díreach nó go neamhdhíreach ag an Oireachtas nó as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an Chiste sin.

Díolúine, etc., ó oibriú *alt* 2 nó 6 in imthosca áirithe.

6.—Más rud é, maidir le seirbhíseach poiblí áirithe nó le haicme nó grúpa áirithe seirbhíseach poiblí, gur deimhin leis an Aire—

- (a) go bhfuil imthosca eisceachtúla ann (de bharr gné nó coinníll áirithe dá bhfostaíocht, dá n-oifig nó dá bpost) i leith an tseirbhísigh phoiblí, na haicme nó an ghrúpa sin agus go n-eascródh éagothromas substaintiúil dá dheasca sin, nó
- (b) go mbeadh de thoradh ar aon dámhachtain faoi chomhaontú eadrána, murach an tAcht seo, go leasófaí foráil iomchuí,

agus gur gá sna himthosca é, í nó iad a idirdhealú ó sheirbhísigh phoiblí eile nó ó aicmí nó ó ghrúpaí eile seirbhíseach poiblí, de réir mar a bheidh, ansin féadfaidh an tAire le hordachán, más dóigh leis nó léi gur cóir agus gur cothromasach sna himthosca uile déanamh amhlaidh—

- (i) an seirbhíseach poiblí, an aicme nó an grúpa sin a dhíolmhú ó oibriú *alt* 2, go hiomlán nó a mhéid is cuí leis an Aire, nó
- (ii) oibriú *alt* 2 a mhodhnú chun asbhaintí a dhéanamh as a luach saothair i cibé slí is cuí leis an Aire,

agus déanfar forálacha an Achta seo, agus forálacha aon rialachán arna ndéanamh faoi aon cheann de na forálacha sin, a léamh faoi réir aon ordacháin den sórt sin.

Athbhreithniú ar an Acht.

7.—Roimh an 30 Meitheamh 2011 agus gach bliain tar éis na bliana 2011, déanfaidh an tAire—

- (a) athbhreithniú ar oibriú, éifeachtacht agus tionchar an Achta seo, ag féachaint do na dálaí eacnamaíochta foriomlána sa Stát agus don iomaíochas náisiúnta,
- (b) breithniú i dtaobh an gá i gcónaí aon fhorálacha den Acht seo, ag féachaint do chríocha an Achta seo, d'ioncam an Stáit agus do ghealltanais Stáitchiste i leith pá agus pinsean seirbhíse poiblí,

- (c) cibé fionnachtana is cuí leis nó léi a dhéanamh de dhroim an athbhreithnithe agus an bhreithnithe, agus
- (d) a chur faoi deara tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas maidir lena fhionnachtana nó lena fionnachtana de thoradh an athbhreithnithe agus an bhreithnithe.

8.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha an Achta seo nó de dhroim aon fhorála den Acht seo nó chun a chumasú lánéifeacht a bheith le haon fhoráil. Rialacháin.

(2) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoin alt seo is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Déanfar rialacháin faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithis is féidir tar éis a ndéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh na rialacháin ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.

9.—I gcás ina n-eascróidh amhras, ceist nó díospóid in oibriú an Achta seo i dtaobh cibé acu is duine nó nach duine a bhfuil a luach saothair faoi réir *alt 2* duine, ansin— Deireadh a chur le hamhrais.

- (a) déanfaidh an duine a údaraíonn nó a d'údaróidh an luach saothair lena mbaineann a foc an t-amhras, an cheist nó an díospóid sin a chur faoi bhráid an Aire, agus
- (b) cinnfidh an tAire an t-amhras, an cheist nó an díospóid sin tar éis dul i gcomhairle le cibé daoine (más ann) is cuí leis an Aire sna himthosca,

agus is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Aire maidir leis an amhras, leis an gceist nó leis an díospóid.

10.—(1) Féadfar an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe. Féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

[Uimh. 41.] *An tAcht um Bearta Airgeadais* [2009.]
Éigeandála ar Mhaithe le Leas an
Phobail (Uimh. 2) 2009.

Alt 1.

AN SCEIDEAL

COMHLACHTAÍ NACH MBAINNEANN AN MÍNIÚ AR “COMHLACHT SEIRBHÍSE
POIBLÍ” LEO

1. Aon chomhlacht corpraithe a bunaíodh le hAcht Parlaiminte roimh an 6 Nollaig 1922 ar chomhlacht de chineál tráchtála é ar é a bhunú.

2. Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, cuideachta phoiblí theoranta.

3. Údarás Aerfort Chorcaí, cuideachta phoiblí theoranta.

4. Údarás Aerfort na Sionna, cuideachta phoiblí theoranta.

5. Bord Gáis Éireann.

6. Bord na gCon.

7. Bord na Móna.

8. Córas Iompair Éireann.

9. Coillte Teoranta.

10. Bord Soláthair an Leictreachais.

11. Eirgrid.

12. Údarás cuain de réir bhrí an Achta Cuanta 1946 nó cuideachta lena mbaineann alt 7 den Acht Cuanta 1996.

13. Rásaíocht Capall Éireann.

14. Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta.

15. Údarás Eitlíochta na hÉireann.

16. An Post.

17. Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist.

18. Raidió Teilifís Éireann.

19. Teilifís na Gaeilge.

20. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

21. An Ghníomhaireacht um Fáil Iarnróid.

22. Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

23. Fochuideachta do chomhlacht lena mbaineann an Sceideal seo, lena n-áirítear fochuideachta d'aon fhochuideachta den sórt sin.